## COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ

# IARRATAS CHUN SÍNEADH AMA A CHUR LE TRÉIMHSE CEAD PLEANÁLA

## An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú

## Cuid 1 – Faisnéis Teagmhála Faoi Rún
## (Le comhlánú i ngach iarratas)

**A. Iarratasóir: (ó cheist 1 den Fhoirm Iarratais)**

| Iarratasóir 1 | | Iarratasóir 2 | |
|---|---|---|---|
| Seoladh (Riachtanach) | | Seoladh (Riachtanach) | |
| Uimh. Theileafóin | | Uimh. Theileafóin | |
| Fón Póca (más ann dó) | | Fón Póca (más ann dó) | |
| Seoladh Rphoist (más ann dó) | | Seoladh Rphoist (más ann dó) | |

**B. Duine/Gníomhaire ag gníomhú thar ceann an Iarratasóra (más ann dó): (Ó cheist 2 den Fhoirm Iarratais)**

| | |
|---|---|
| Ainm: | |
| Seoladh: | |
| Uimh. Theileafóin | |
| Fón Póca (más ann dó) | |
| Seoladh Ríomhphoist (más ann dó) | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| Ar chóir gach comhfhreagras a sheoladh chuig an seoladh thuas? Cuir tic √ sa bosca cuí. (Tabhair do d'aire le do thoil, más é 'Níor chóir' an freagra, go seolfar gach comhfhreagras chuig seoladh an Iarratasóra) | | | |
| BA CHÓIR | ☐ | NÍOR CHÓIR | ☐ |

# COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ

*Oifig Halla an Chontae*

*An Rannóg Pleanála*
*Halla an Chontae,*
*Bóthar Charraig Ruacháin,*
*Corcaigh*
*T12 R2NC*

*TEIL: (021) 4276891*
*FACS: (021) 4276321*

*Oifig Pleanála Iarthar Chorcaí*

*Teach Norton,*
*Bóthar Chorcaí,*
*An Sciobairín,*
*Co. Chorcaí*
*P81 AT28*

*TEIL: (028) 40340*
*FACS: (028) 21660*

***SEOLADH GRÉASÁIN:*** ***www.corkcoco.ie***

**(The English version of this form is available at the public counter and on the website)**

Má theipeann ort an fhoirm seo a chomhlánú nó na doiciméid riachtanacha a cheangal, nó má chuireann tú faisnéis mhícheart isteach nó má fhágann tú faisnéis riachtanach ar lár cuirfear d'iarratas ó bhail. Dá bhrí sin cinntigh, le do thoil, go bhfuil gach cuid den fhoirm iarratais seo comhlánaithe agus sínithe go hiomlán, go bhfuil N/B (ní bhaineann) curtha isteach nuair is cuí, agus go bhfuil na doiciméid riachtanacha go léir ceangailte le d'fhoirm iarratais.

Ba chóir a thabhairt faoi deara go bhfuil a plean forbartha féin ag Comhairle Contae Chorcaí, ina leagtar amach beartais agus cuspóirí forbartha áitiúla dá limistéar féin. D'fhéadfadh faisnéis fhorlíontach a bheith ag teastáil ón údarás dá bhrí sin (i.e. seachas an fhaisnéis atá riachtanach san fhoirm seo) d'fhonn a chinneadh an bhfuil an t-iarratas i gcomhréir leis an bplean forbartha. Féadfaidh an tÚdarás é seo a iarraidh ar fhoirm iarratais fhorlíontach.

Mura gcuirtear an fhaisnéis fhorlíontach ar fáil ní chuirfidh sé d'iarratas pleanála ó bhail ach d'fhéadfadh sé moill a chur ar an bpróiseas cinnteoireachta nó d'fhéadfadh go ndiúltófaí cead a thabhairt. Dá bhrí sin, ba chóir d'iarratasóirí teagmháil a dhéanamh leis an údarás pleanála ábhartha chun a chinneadh cad iad na beartais agus na cuspóirí áitiúla a bheadh i bhfeidhm maidir leis an bhforbairt atá beartaithe agus an bhfuil gá le faisnéis bhreise.

---

## Príobháideacht & Cosaint Sonraí:

Bailíonn Comhairle Contae Chorcaí faisnéis phearsanta chun cur ar chumas an Údaráis Phleanála d'iarratas ar chead pleanála a phróiseáil. Go dlíthiúil is féidir leis an Údarás Pleanála an fhaisnéis seo a phróiseáil mar go bhfuarthas í le do thoiliú agus tá sé riachtanach chun dualgais reachtúla/dlíthiúla a chomhlíonadh.

Is príomhthosaíocht don Chomhairle é do shonraí pearsanta a chosaint agus próiseálfar do chuid sonraí de réir Bheartas Príobháideachais na Comhairle atá ar fáil ag https://www.corkcoco.ie/privacy-statement-cork-county-council nó mar chruachóip ó aon oifig de chuid na Comhairle.

Má tá aon cheist agat faoi Pholasaí Príobháideachais na Comhairle nó faoin bhfaisnéis atá ag Comhairle Contae Chorcaí fút, déan teagmháil leis an gComhairle trí ríomhphost a sheoladh chuig dpo@corkcoco.ie nó scríobh chuig an Oifigeach Cosanta Sonraí, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, Éire.

**Is próiseas oscailte poiblí é an próiseas pleanála.**
**Sa chomhthéacs sin, beidh gach iarratas pleanála & cáipéisíocht tacaíochta a chuirtear isteach ar fáil go poiblí le feiceáil ar líne agus in oifigí an Údaráis Phleanála.**

**Foilsíonn an tÚdarás Pleanála liostaí d'iarratais phleanála a fuarthas chomh maith le liostaí de chinntí pleanála go seachtainiúil. Cuirtear an fhaisnéis seo ar láithreán gréasáin Chomhairle Contae Chorcaí de réir bheartas an Údaráis Phleanála.**

## Foirm Iarratais chun síneadh ama a chur leis an tréimhse chuí cead pleanála Comhairle Contae Chorcaí - Nótaí Míniúcháin

De réir Alt 42 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, agus Rialachán arna ndéanamh faoi, cuirfidh Údarás Pleanála síneadh ama le cead de réir mar is cuí ar choinníoll go ndéantar an t-iarratas de réir Rialacháin arna ndéanamh faoin Acht agus go bhfuil an tÚdarás sásta leis na critéir thíos.

1. Ní mór tús a bheith curtha leis an bhforbairt

2. Ní mór oibreacha substaintiúla a bheith déanta

3. Críochnófar an fhorbairt laistigh d'achar réasúnach.

Tá feidhm ag na critéir seo a leanas freisin:

- Déantar an t-iarratas roimh dheireadh na tréimhse cuí.
- Ní mór an t-iarratas chun síneadh a chur leis an tréimhse chuí a dhéanamh tráth nach luaithe ná 1 bhliain roimh dheireadh na tréimhse cuí, ach amháin i gcásanna a leagtar amach in Alt 42(1B).
- Ní dhéanfar iarratas níos mó ná dhá uair agus ní rachaidh fad iomlán na síntí thar 5 bliana.
- Ní bheidh iarratas chun síneadh breise a chur leis an gcead pleanála (an 2ú iarratas ar shíneadh) ar feadh tréimhse níos faide ná 2 bhliain nó go dtí an 31 Nollaig, 2023, cibé acu is túisce a tharlóidh.
- De réir Alt 42(8) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú, “Ní dhéanfaidh údarás pleanála an tréimhse chuí faoin alt seo a fhadú i ndáil le cead dá mbeadh gá le measúnú tionchair timpeallachta nó measúnú cuí i ndáil leis an síneadh beartaithe lena mbaineann”
- Ní bheidh feidhm ag an gcumhacht an tréimhse chuí a fhadú maidir le deonú Ceada Imlínigh arna dheonú faoi Alt 34 den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.

- Is é €62 an táille is iníoctha i ndáil le hiarratais chun síneadh a chur leis an tréimhse chuí. Ba chóir seiceanna/dréachtaí bainc a tharraingt i bhfabhar Chomhairle Contae Chorcaí. Ní ghlacfar le seiceanna ó thríú páirtí.

**Tabhair faoi deara le do thoil gur mar threoir d'iarratasóirí amháin atá na nótaí seo beartaithe agus ní ceart a mheas gur léirmhíniú dlíthiúil iad ar na hAchtanna agus na Rialacháin éagsúla dá dtagraítear.**

- Cuid 1 Faisnéis Teagmhála faoi Rún – le comhlánú.

- Cuid 2 Foirm Iarratais – le comhlánú agus le síniú.

- Cuid 3 Cosaint Sonraí - **le comhlánú agus le síniú ag an iarratasóir amháin.**
    - Ceist 3.7 RGCS Catagóirí Speisialta sonraí/Sonraí Íogaire Pearsanta ** Toiliú Sainráite – **Le comhlánú nuair a chuirtear Catagóirí Speisialta sonraí pearsanta/sonraí íogaire ar fáil mar chuid/mar thaca le hiarratas ar Shíneadh Faid, ní mór don duine dá dtagraíonn na sonraí toiliú sainráite a thabhairt do phróiseáil na gcatagóirí speisialta sonraí, (an t-ábhar sonraí).**

Sa chás go bhfuil an tÁbhar Sonraí faoi bhun 18 mbliana, ní mór toiliú na dtuismitheoirí a thabhairt thar ceann an Ábhair Sonraí/an Linbh.
Sa chás go bhfuil an tÁbhar Sonraí 18 mbliana d'aois nó níos sine, ní mór don Ábhar Sonraí féin a dtoiliú a thabhairt.

**** I measc na gCatagóirí Speisialta sonraí /Sonraí Íogaire Pearsanta tá:** Cine, Bunús Eitneach, Tuairimí polaitiúla, Creideamh, Creidimh fhealsúnacha, Ballraíocht Cheardchumainn, Sonraí géiniteacha, Sonraí bithmhéadracha, Sonraí sláinte, a bhaineann le saol gnéis duine nádúrtha, claonadh gnéasach.

- Chun próiseáil an iarratais seo a éascú, mar aon leis an táille thuas; ba chóir dhá chóip den fhoirm iarratais agus dhá chóip den léarscáil láithreáin ábhartha a thaispeánann teorainneacha an láithreáin a chur isteach.
- Ba chóir iarratais ar Rannán an Tuaiscirt agus Rannán an Deiscirt a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Chorcaí, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh, T12 R2NC. Ba chóir iarratais ar Rannán an Iarthair a chur ar aghaidh chuig an Rannóg Pleanála, Comhairle Contae Chorcaí, Teach Norton, An Sciobairín, Co. Chorcaí, P81 AT28.

**D'úsáid oifigiúil amháin**

| | |
|---|---|
| Uimh. admhála | |
| Airgead tirim/Seic | |
| Dáta | |
| Plean Uimh. thag. | |

# COMHAIRLE CONTAE CHORCAÍ

## IARRATAS CHUN SÍNEADH AMA A CHUR LE TRÉIMHSE CEAD PLEANÁLA

### An tAcht um Pleanáil agus Forbairt 2000, arna leasú

## Cuid 2 – Sonraí Iarratais
## (Le comhlánú i ngach iarratas)

**1. Iarratasóir: (seoladh le hiontráil ag Cuid 1 Ceist A ag tosach na foirme seo)**

| | |
|---|---|
| *Ainm(neacha)* | |

**2. Duine/Gníomhaire ag gníomhú thar ceann an Iarratasóra (más ann dó): (seoladh le hiontráil ag Cuid 1 Ceist B ag tosach na foirme seo)**

| | |
|---|---|
| *Ainm* | |

**3. Suíomh na Forbartha Beartaithe:**

| | |
|---|---|
| Seoladh Poist **nó** Baile Fearainn **nó** Suíomh (de réir mar is fearr is féidir an talamh nó an déanmhas atá i gceist a aithint) | |

**4. Leas Dlí an Iarratasóra sa Talamh nó sa Déanmhas:**

| | | |
|---|---|---|
| *Cuir tic sa bhosca cuí le do thoil chun leas dlíthiúil an iarratasóra sa talamh nó sa déanmhas a léiriú* | **A.** *Úinéir* ☐ | **B.** *Ar conradh chuig Ceannach* ☐ |
| | **C.** *Léasaí* ☐ | **D.** *Eile* ☐ |
| *Sa chás gur 'Eile' an leas dlí, tabhair tuilleadh eolais ar do leas sa talamh nó sa déanmhas* | | |

**5. Cur síos ar an bhForbairt lena mbaineann an Cead:**

| | |
|---|---|
| *Luaigh an cur síos ar an bhforbairt mar atá ceadaithe* | |

| **6. Dáta ar bronnadh an Cead** | **Uimhir Thagartha Pleanála an Cheada** |
|---|---|
| | |

**7. Dáta éaga an Cheada**

| |
|---|
| |

**8. Sonraí na n-oibreacha substaintiúla a críochnaíodh go dtí seo de bhun an Cheada a deonaíodh**

| |
|---|
| |

**9. Sonraí faoin chúis nach féidir an fhorbairt a chur i gcrích go réasúnta sula rachaidh an cead pleanála in éag**

| |
|---|
| |

**10. Sonraí na n-oibreacha beartaithe atá le déanamh le linn na tréimhse sínte má dheonaítear iad**

| |
|---|
| |

Féadfar aon sonraí nó doiciméid bhreise a chur i gceangal leo féin.

**11. Ar theastaigh Measúnacht Tionchair Timpeallachta nó Measúnacht Chuí nó an dá mheasúnú sin sular deonaíodh an cead don fhorbairt?**

☐ **THEASTAIGH** ☐ **NÍOR THEASTAIGH**

**12. Dáta nó dáta réamh-mheasta tosaithe na forbartha lena mbaineann an Cead:**

| |
|---|
| |

**13. Tréimhse bhreise faoina bhfuiltear ag iarraidh síneadh ama a chur leis an gcead: Tabhair faoi deara go gceadaítear uasmhéid 5 bliana faoin reachtaíocht reatha. Má tá síneadh breise á lorg agat, ceadaítear 2 bhliain ar a mhéad nó go dtí Nollaig 2023, cibé acu is túisce a tharlóidh.**

| |
|---|
| |

**14. Dáta críochnaithe réamh-mheasta:**

| |
|---|
| |

**Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach sa bhreis ar cheisteanna 1-14 sa chás go bhfuil iarratas á dhéanamh chun Síneadh Breise a chur le tréimhse ceada**

**15. Sonraí na hoibre (más ann di) a rinneadh de bhun an cheada ó cuireadh síneadh leis an gcead nó ó cuireadh síneadh breise leis:**

| |
|---|
| |

**16. An tréimhse faoina bhfuiltear ag iarraidh an cead a shíneadh tuilleadh:**

| |
|---|
| |

**17. An dáta a bhfuiltear ag súil go gcríochnófar an fhorbairt:**

| |
|---|
| |

**18. Na himthosca nach bhfuil neart ag an duine atá i mbun na forbartha orthu agus nach bhfuil an fhorbairt tugtha chun críche mar gheall orthu le linn na tréimhse faoinar cuireadh síneadh breise leis an gcead:**

| |
|---|
| |

**Ní mór an fhaisnéis seo a leanas a chur isteach sa bhreis ar cheisteanna 1 -18 sa chás go bhfuil iarratas á dhéanamh chun SÍNEADH BREISE a chur leis faoi Alt 42(1B) den Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000, arna leasú.**

19. **Dáta a scoir an cead d'éifeacht a bheith leis nó a scoirfidh sé d'éifeacht a bheith leis, de réir mar a bheidh:**

| |
|---|
| |

20. **Sonraí i dtaobh na n-oibreacha substaintiúla a rinneadh nó a dhéanfar de bhun an cheada roimh dheireadh na tréimhse cuí, arna leathnú nó arna leathnú tuilleadh.**

| |
|---|
| |

21. **Ráiteas ina leagtar amach na cúiseanna nach féidir an fhorbairt a chur i gcrích go réasúnta laistigh den tréimhse chuí, arna leathnú nó arna leathnú tuilleadh:**

| |
|---|
| |

22. **Dearbhaím leis seo, de réir mar is fearr is eol dom agus mar a chreidim, go bhfuil an fhaisnéis a thugtar san fhoirm seo ceart, cruinn agus go gcloíonn sí go hiomlán leis na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2010, arna leasú, agus leis na Rialacháin arna ndéanamh fúthu:**

| | |
|---|---|
| *Síniú (Iarratasóir nó Gníomhaire de réir mar is cuí)* | |
| Dáta | |

## Cuid 3 - Cosaint Sonraí (Le comhlánú le i ngach iarratas)

### 3.1. – Dearbhú um Chosaint Sonraí

Ionas gur féidir leis an Údarás Pleanála na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil a phróiseáil, tá do thoiliú ag teastáil. Trí tic a chur sa bhosca thíos, toilíonn tú go ndéanfaidh an tÚdarás Pleanála na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil a phróiseáil de réir théarmaí Pholasaí Príobháideachais Chomhairle Contae Chorcaí atá ar fáil ag http://www.corkcoco.ie/privacy- statement-cork-county-council nó mar chruachóip ó aon oifig de chuid na Comhairle; agus go ndéanfar do chuid faisnéise a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

***Próiseáil ar d'iarratas ar Shíneadh Faid ag an Údarás Pleanála***

☐ *Tugaim cead mo chuid faisnéise pearsanta a phróiseáil chun na críche atá luaite thuas*

| | |
|---|---|
| *Síniú*<br>*(An Iarratasóra amháin)* | |
| Dáta | |

Comhlánaigh na ceisteanna seo a leanas trí tic a chur (√) de réir mar is cuí chun comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí (RGCS) (AE) 2016 agus an Achta um Chosaint Sonraí 2018 a thaispeáint
**Nóta: maidir le sainmhíniú ar na Catagóirí Speisialta sonraí, féach 3.7. thall.**

3.2. An bhfuil Cuid 3.1 & 3.7. sínithe ag an iarratasóir (más infheidhme) den fhoirm iarratais i ndáil le Cosaint Sonraí? ☐ Tá ☐ Níl

3.3. Ar cuireadh aon chatagóirí speisialta sonraí de réir bhrí RGCS ar fáil maidir leis an iarratasóir?
☐ Cuireadh ☐ Níor cuireadh

Má cuireadh, ar shínigh an t-iarratasóir an Toiliú Sainráite ag Cuid 3.7?
☐ Shínigh ☐ Níor shínigh

3.4. Ar cuireadh catagóirí speisialta sonraí ar fáil faoi thríú páirtí (i.e. gaol teaghlaigh 18 mbliana d'aois nó níos sine, srl)? ☐ Cuireadh ☐ Níor cuireadh ☐ ☐

Má cuireadh, ar shínigh an duine dá dtagraíonn na sonraí an fhoirm Toilithe Shainráite (Cuid 3.7)?
☐ Shínigh ☐ Níor shínigh

3.5. Ar cuireadh aon chatagóirí speisialta sonraí ar fáil maidir le leanbh faoi bhun 18 mbliana d'aois? ☐ Cuireadh ☐ Níor cuireadh

Má cuireadh, ar shínigh tuismitheoir an linbh an fhoirm Toilithe Shainráite (Cuid 3.7)?
☐ Shínigh. ☐ Níor shínigh

☐ ☐

3.6. Sa chás gur chuir tú catagóirí speisialta sonraí ar fáil dá dtagraítear thuas, sonraigh le do thoil na doiciméid a chuir tú isteach ina bhfuil an t-eolas seo?

| |
|---|
| |

## 3.7. – Catagóirí Speisialta RGCS de shonraí /Sonraí Íogaire Pearsanta - Toiliú Sainráite

I gcás ina gcuirtear Catagóirí Speisialta de shonraí pearsanta/sonraí pearsanta íogaire ar fáil mar chuid d'iarratas pleanála/mar thacaíocht d'iarratas pleanála, ní mór don duine dá dtagraíonn na sonraí, is é sin an tÁbhar Sonraí, **toiliú sainráite** a thabhairt do phróiseáil na gcatagóirí speisialta sonraí.

Sa chás go bhfuil an tÁbhar Sonraí faoi bhun 18 mbliana, ní mór toiliú na dtuismitheoirí a thabhairt thar ceann an Ábhair Sonraí/an Linbh. Sa chás go bhfuil an tÁbhar Sonraí 18 mbliana d'aois nó níos sine, ní mór don Ábhar Sonraí féin a dtoiliú a thabhairt.

I measc na gcatagóirí speisialta sonraí /sonraí pearsanta íogaire tá:

- Cine
- Bunús eitneach
- Tuairimí polaitiúla
- Creideamh
- Creidimh fhealsúnachta
- Ballraíocht cheardchumainn
- Sonraí géiniteacha
- Sonraí bithmhéadracha
- Sonraí sláinte
- Maidir le saol gnéis duine nádúrtha
- Claonadh gnéis

Ionas gur féidir leis an Údarás Pleanála na sonraí pearsanta íogaire a chuir tú ar fáil a phróiseáil, teastaíonn do thoiliú. Trí tic a chur sa bhosca thíos, toilíonn tú go ndéanfaidh an tÚdarás Pleanála na sonraí pearsanta a chuireann tú ar fáil a phróiseáil de réir théarmaí Pholasaí Príobháideachais Chomhairle Contae Chorcaí atá ar fáil ag http://www.corkcoco.ie/privacy-statement-cork-county-council nó mar chruachóip ó aon oifig de chuid na Comhairle; agus go ndéanfar do chuid faisnéise a phróiseáil chun na gcríoch seo a leanas:

## Sonraí pearsanta íogaire á gcur isteach mar thacaíocht le hIarratas ar Shíneadh Faid

☐ *Tugaim cead mo shonraí pearsanta íogaire a chuirtear faoi bhráid an Údaráis Phleanála a phróiseáil chun na críche atá luaite thuas.*

| | |
|---|---|
| *Síniú* ***** | |
| Dáta | |

***** **Ní mór don duine dá dtagraíonn na sonraí íogaire é seo a shíniú, i.e. Iarratasóir /3ú Páirtí / Tuismitheoir linbh faoi bhun 18 mbliana d'aois**

Tá sé de cheart agat do thoiliú a tharraingt siar ach teagmháil a dhéanamh leis an Roinn Pleanála, Urlár na Talún, Halla an Chontae, Bóthar Charraig Ruacháin, Corcaigh. Teil: (021) 4276891 Ríomhphost: planninginfo@corkcoco.ie nó trí teagmháil a dhéanamh leis an Rannóg Pleanála, Teach Norton, Bóthar Chorcaí, An Sciobairín, Co. Chorcaí. Teil: (028) 40340 Ríomhphost: westcorkplanninginfo@corkcoco.ie

Má tharraingítear siar toiliú d'úsáid sonraí pearsanta le linn an phróisis chinnteoireachta don iarratas pleanála, áfach, ní féidir an fhaisnéis seo a mheas mar chuid den phróiseas cinnteoireachta. A luaithe a dhéantar cinneadh, níl iarratasóir i dteideal toiliú a tharraingt siar toisc nach bhfuil feidhm ag an gceart scriosta maidir le cás ina bhfuil gá le próiseáil chun oibleagáid dhlíthiúil a chomhlíonadh nó chun cúram a chur i gcrích a dhéantar ar mhaithe le leas an phobail.

**Tabhair do d'aire le do thoil go mbeidh an fhaisnéis /na doiciméid tacaíochta go léir a chuirtear isteach ar fáil go poiblí le feiceáil in oifigí an Údaráis Phleanála.** Dá bhrí sin, ba cheart d'iarratasóir(í) a chinntiú go mbaintear aon fhaisnéis phearsanta (i.e. UPSP, uimhreacha Cuntais Bhainc, dáta breithe etc.) as an doiciméadú sula gcuireann siad isteach é mar chuid d'iarratas pleanála.